# An Idirbhliain

Tá an eiseamláir seo ina cuid de shraith trí acmhainn chun machnamh a dhéanamh ar chlár Idirbhliana do scoile agus chun an clár céanna a athnuachan

# Machnamh a dhéanamh ar ár gCuraclam

Tá ceithre Ghné Churaclaim i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana athbhreithnithe (2024).

Is iad sin: Comhpháirteanna, Teagasc agus measúnú, Aithint agus tuairisciú, agus Machnamh agus athnuachan.

Is é cuspóir na hacmhainne seo tacú le do scoil le machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn curaclam Idirbhliana na scoile le foghlaim agus forbairt an scoláire Idirbhliana. Tá ceithre Ghné Scoláire ceaptha leis an scoláire agus an scoil a threorú i bhfoghlaim agus forbairt an scoláire le linn na hIdirbhliana.

Is iad seo a leanas na ceithre Ghné Scoláire: Fás Pearsanta, A bheith i d'Fhoghlaimeoir, Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail, agus Taighde Gairme.


'Is ionann clár éifeachtach IB, rud a bheidh uathúil i ngach scoil, agus clár ina bhfeidhmíonn gach gné den churaclam chun an scoláire a fhorbairt i gcomhréir leis na Gnéithe Scoláire.' (Ráiteas Chlár na hIdirbhliana, 2024)

Úsáideann na ceithre thábla san acmhainn seo na táscairí forbartha ó na ceithre Ghné Scoláire mar lionsa le haghaidh machnaimh. Tá na táscairí sin sa cholún láir i ngach tábla.

Tá dhá cholún ann ina bhfuil na Gnéithe Curaclaim a iarrann ort **machnamh a dhéanamh** ar bhur gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair agus **cuimhneamh chun tosaigh** ar an gcaoi a bhféadfaí an clár Idirbhliana a athnuachan.

Léiríonn an eiseamláir thíos an chaoi ar féidir an tábla a úsáid chun tús a chur le próiseas an mhachnaimh agus na hathnuachana.

## Achoimre ghrafach ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana



# Machnamh a dhéanamh ar ár gcuraclam trí Fhás Pearsanta

1. **Machnamh a dhéanamh** ar ár gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair:
- Gach gné den churaclam Idirbhliana atá ann faoi láthair a thacaíonn leis an nGné Scoláire a shainaithint
- Aird a tharraingt ar aon ghné den churaclam nach bhfuil ag feidhmiú go maith, a gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh uirthi, nó a chaithfear a ionadú ionas go mbeidh sí ailínithe le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana 2024, lena n áirítear na táscairí forbartha.

## Gnéithe Curaclaim

| Comhpháirteanna | Teagasc agus Measúnú | Aithint agus Tuairisciú | Machnamh agus Athnuachan |
|---|---|---|---|
| Socrú Spriocanna Iontacha an Luain<br><br>Cláir Chré-umha Gaisce<br><br>Obair dheonach / ceannaireacht RAISE<br><br>Forbraíonn an Ceoldráma Scoile muinín<br><br>Clár Ceannaireachta IB / Imeacht Cumasaithe an Scoláire<br><br>Pas ETIM don Ionchuimsiú<br><br>Ambasadóirí Dream Space Microsoft<br><br>Clubanna Spóirt seach-churaclaim<br><br>Rang Garraíodóireachta Comhtháite<br><br>Ionduchtú Pháirc Fionnachtana Radharc an Chaisleáin<br><br>Feachtas Lá na Sábháilteachta Idirlín<br><br>Coiste agus Tiomsú Airgid Chumann Naomh Uinseann de Pól<br><br>Obair Foirne Fiontraíochta/ Aonaigh Ceirde IB<br><br>Clár OCG | Dialann Mhachnamhach Rang Bainistíochta IB<br><br>Leabhar Gearrthóg Béarla<br><br>Forbraíonn Clár Comhtháite Corpoideachais Bhráithre na Carthanachta comhbhá<br><br>Forbairt Phearsanta<br><br>Saoránacht Dhigiteach Dlí Coco<br><br>Ranganna Ceoldráma, Damhsa, Aisteoireachta<br><br>Rang Ealaíne IB<br><br>Gruagaireacht agus Áilleacht IB<br><br>Rang Forbartha Pearsanta IB<br><br>Ceardlanna Ranga Chumann Naomh Uinseann de Pól<br><br>Cur i Láthair ó Bhéal ar an Tionscadal Polaitíochta | Measúnú ar Dhialann Mhachnamhach OneNote ag baint úsáid as rúibric<br><br>Ceisteanna Machnaimh Ardoird d'Agallamh Dheireadh na hIdirbhliana<br><br>Tuairiscí Dheireadh an Mhodúil<br><br>Oíche Bronnta IB/oíche eolais don tríú bliain agus a dtuismitheoirí – bíonn deis ag na scoláire caint a thabhairt uathu do lucht an tríú bliain agus do thuismitheoirí/ chaomhnóirí | Dialann Mhachnamhach OneNote agus meastóireacht ar eispéiris foghlama<br><br>Ceisteanna Machnaimh Ardoird d'Agallamh Dheireadh na hIdirbhliana<br><br>Meastóireacht an scoláire, na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar Microsoft Forms<br><br>Cruinniú Seachtainiúil na gComhordaitheoirí agus an Phríomhoide Thánaistigh<br><br>Plé foirmiúil rialta leis na scoláirí sa rang agus plé neamhfhoirmiúil le linn turas agus gníomhaíochtaí |

## Fás Pearsanta

**Tagann na scoláirí in aibíocht ar bhonn sóisialta agus mothúchánach i gcaitheamh na bliana, ag forbairt i réimsí lena n-áirítear sláinte agus folláine, neamhspleáchas, féiniúlacht, comhbhá agus ceannasaíocht.**

### Táscairí forbartha

- An scoláire a bheith ag éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine.
- Cúram níos fearr a dhéanamh dá shláinte agus folláine féin agus de shláinte agus folláine daoine eile.
- Spriocanna a shocrú le haghaidh forbairt phearsanta agus gnóthachtáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Acmhainn níos mó chun aincheisteanna eiticiúla a ionramháil agus machnamh a dhéanamh ar luachanna pearsanta.
- An chaoi le cinntí níos eolasaí a dhéanamh.
- A bheith ag cloí níos faide le tascanna, go háirithe agus iad dúshlánach.
- A bheith ag tosú a bhreathnú ar dhúshláin mar dheiseanna breise le haghaidh fáis.
- A bheith ag oiriúnú níos fearr do ghrúpaí agus do thimpeallachtaí úra sóisialta.
- A bheith ag idirghníomhú le daoine eile ar bhealach níos comhbhách, san fhíorshaol agus ar líne araon.
- A bheith ag glacadh úinéireachta níos mince ar a chuid iompraíochtaí agus cinntí féin.
- Níos mó treallúis agus ceannasaíochta a léiriú ar scoil, sa bhaile agus sa phobal.

2. **Cuimhneamh chun tosaigh** ar ár gcuraclam Idirbhliana athnuaite:
- An curaclam Idirbhliana mar atá faoi láthair a fhorbairt
- Aird á tarraingt thíos ar na gnéithe den churaclam reatha atá le baint nó le hathbhreithniú le feabhsú
- Lena n-áirítear aon ghné den churaclam chun tacú níos fearr leis na Gnéithe Scoláire agus le hailíniú níos fearr le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

## Gnéithe Curaclaim

| Comhpháirteanna | Teagasc agus Measúnú | Aithint agus Tuairisciú | Machnamh agus Athnuachan |
|---|---|---|---|
| Clár ceannaireachta IB a bhaint ón gclár, na cinn eile le coimeád le ham a chur ar fáil do chomhpháirteanna nua?<br><br>Rang seachtainiúil OSPS a chur ar fáil in áit chlár OCG as seo go ceann dhá bhliain – féach an micreamhodúl *OSPS in IB* | Forbairt Punainne le cur in áit an Ranga Bainistíochta IB agus Socrú Spriocanna an Luain<br><br>Beagán níos mó béime ar chomhpháirteanna leanúnachais i dtionscadail chomhoibríocha agus i gcuir i láthair ranga?<br><br>Na scoláirí a spreagadh agus a éascú lena phunann Idirbhliana a úsáid | Na ceithre Ghné Scoláire a leabú i:<br><br>Punann Dhigiteach Chainéal Teams<br><br>Eolas don tríú bliain agus dá dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí ag oíche eolais IB<br><br>Ceisteanna in Agallamh Dheireadh na hIdirbhliana – Machnamh an Scoláire<br><br>An chaoi a bhféadfadh na scoláirí bronnadh na hIdirbhliana a stiúradh tuilleadh a fhiosrú: Grúpa eagraithe bhronnadh na hIdirbhliana? | Spriocanna a athbhreithniú go rialta sa rang Bainistíochta<br><br>Athbhreithniú Bliantúil Foirmiúil Scoláire, Foirne agus Tuismitheora ar an Idirbhliain<br><br>(Faoi láthair tugann an fhoireann agus an scoláire, agus uaireanta tuismitheoirí, faoi go bliantúil) |

# Machnamh a dhéanamh ar ár gcuraclam trí Bheith i d'Fhoghlaimeoir

1. **Machnamh a dhéanamh** ar ár gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair:
- Gach gné den churaclam Idirbhliana atá ann faoi láthair a thacaíonn leis an nGné Scoláire a shainaithint
- Aird a tharraingt ar aon ghné den churaclam nach bhfuil ag feidhmiú go maith, a gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh uirthi, nó a chaithfear a ionadú ionas go mbeidh sí ailínithe le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana 2024, lena n áirítear na táscairí forbartha.

## Gnéithe Curaclaim

| Comhpháirteanna | Teagasc agus Measúnú | Aithint agus Tuairisciú | Machnamh agus Athnuachan |
|---|---|---|---|
| Raon ábhar acadúil, idir leanúnach agus roghnach (Gaeilge, Béarla, Mata, Nuatheangacha Iasachta), blasábhar Sr.Sin. (Cuntasaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Ealaín, Ceol, Tíreolaíocht, Stair, An Pholaitíocht agus an tSochaí), gairmábhar (Gairmeacha, Ullmhúchán Oibre, TF, Códú, Bearbóireacht agus Áilleacht) agus ábhar ar caitheamh aimsire iad (Garraíodóireacht)<br><br>Cur isteach ar Ghradaim Lá na Sábháilteachta Idirlín Webwise<br><br>Comórtas Gearrscéalta<br><br>Tascanna Phas ETIM don Ionchuimsiú<br><br>Do Shaol a Mhaoiniú | Is minic a bhíonn cuid mhór de chleachtais aonair agus choiteanna sa RCIB leabaithe ach ní chomh mór is a d'fhéadfaidís a bheith de réir aiseolas ó na scoláirí agus measúnuithe na múinteoirí;<br><br>Cúrsaí Teicneolaíochta Digití<br><br>Taighde Digiteach agus Obair Thionscadail Eiticiúil<br><br>Go leor eispéiris fhoirmitheacha don scoláire; d'fhéadfadh an scoláire foghlaim cén chaoi le húsáid níos mó a bhaint as an aiseolas ina chuid foghlama; | Modheolaíochtaí na Foghlama Gníomhaí Obair ghrúpa<br><br>Béaltrialacha Gaeilge agus Nuatheangacha Iasachta<br><br>Punann Dhigiteach agus Agallamh Dheireadh na hIdirbhliana<br><br>Úsáid na Teicneolaíochta Digití do Mheasúnuithe – PowerPoint, Canva, Class Notebook, Teams<br><br>Measúnú Foirmitheach Féinmheasúnacht agus Piarmheasúnacht<br><br>Measúnú Suimitheach Téarma – sa Bhéarla, Mata, Gaeilge agus Nuatheangacha Iasachta<br><br>Tuairiscí ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí ag deireadh Mhodúil 1 agus 2<br><br>Oíche Bronnta IB/oíche eolais do scoláirí an tríú bliain agus a dtuismitheoirí<br><br>Fillteán Teastas ar Oíche Bronnta na hIdirbhliana ina léirítear gnóthachtáil i réimsí éagsúla | Cruinniú Seachtainiúil na gComhordaitheoirí agus an Phríomhoide Thánaistigh |

## A bheith i d'Fhoghlaimeoir

**Agus é ag tógáil ar na heispéiris a bhí aige go dtí seo, tosaíonn an scoláire ar a fhorbairt mar scoláire sa tsraith shinsearach, ag tapú na ndeiseanna agus ag glacadh leis na straitéisí foghlama is fearr a oibríonn don scoláire anois, agus amach anseo.**

### Táscairí forbartha

- A bheith níos spreagtha chun foghlama agus breathnú ar an oideachas mar rud fiúntach taitneamhach.
- Spriocanna foghlama a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu.
- A bheith ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha, mar úsáideoir agus mar chruthaitheoir.
- A shuimeanna pearsanta féin a fhiosrú.
- Léirthuiscint níos fearr ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
- A bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus a chrios compoird a leathnú.
- Eolas agus scileanna atá ábhartha don tsraith shinsearach a shealbhú.
- Tábhacht an aiseolais a thuiscint agus níos mó measa a léiriú air.
- Cur lena acmhainneacht i dtaca le foghlaim neamhspleách fhéinrialaithe.
- A bheith níos oscailte i leith triail a bhaint as réimse straitéisí foghlama.
- A scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a leathnú.
- A chuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus é ag plé le smaointe daoine eile.

2. **Cuimhneamh chun tosaigh** ar ár gcuraclam Idirbhliana athnuaite:
- An curaclam Idirbhliana mar atá faoi láthair a fhorbairt
- Aird á tarraingt thíos ar na gnéithe den churaclam reatha atá le baint nó le hathbhreithniú le feabhsú
- Lena n-áirítear aon ghné den churaclam chun tacú níos fearr leis na Gnéithe Scoláire agus le hailíniú níos fearr le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

## Gnéithe Curaclaim

| Comhpháirteanna | Teagasc agus Measúnú | Aithint agus Tuairisciú | Machnamh agus Athnuachan |
|---|---|---|---|
| B'fhéidir go mbeadh cúrsa scileanna staidéir agus scileanna taighde tairbheach?<br><br>Féach le modúil IS nó Códaithe a thabhairt isteach in ionad ICDL | Na scoláirí a spreagadh agus a éascú lena phunann IB a úsáid don fhoghlaim/ ghnóthachtáil.<br><br>Díriú níos mó freisin ar straitéisí don fhoghlaim agus ar chuid de na Príomhinniúlachtaí a theastaíonn don chuid eile den tsraith shinsearach. Ceardlann foirne ar straitéisí éifeachtacha foghlama, go háirithe maidir le haiseolas a thabhairt agus a úsáid, d'fhéadfadh sé seo a bheith tairbheach dúinn ar fad. | Punann Dhigiteach Chainéal Teams a dheighilt ina ceithre chuid – le léiriú a thabhairt ar na ceithre inniúlacht scoláire ó ó bhliain seo chugainn ar aghaidh<br><br>B'fhéidir gurbh fhiú an fillteán teastas a laghdú agus fillteán níos lú a chur ar fáil in éineacht le tuairisc níos leithne ar IB an scoláire<br><br>Eolas don tríú bliain agus dá dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí maidir leis na ceithre Ghné Scoláire ag oíche eolais IB<br><br>An chaoi a bhféadfadh na scoláirí bronnadh na hIdirbhliana a stiúradh tuilleadh a fhiosrú: Grúpa bronnta b'fhéidir? | Athbhreithniú Bliantúil Foirmiúil Scoláire, Foirne agus Tuismitheora ar an Idirbhliain (Faoi láthair tugann an fhoireann agus an scoláire, agus uaireanta tuismitheoirí, faoi go bliantúil)<br><br>Spriocanna Acadúla a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu.<br><br>Spriocghráid do Scrúduithe IB<br><br>Ceisteanna in Agallamh Dheireadh na hIdirbhliana maidir leis na ceithre ghné scoláire ó bhliain seo chugainn ar aghaidh |

# Machnamh a dhéanamh ar ár gcuraclam trí Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail

1. **Machnamh a dhéanamh** ar ár gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair:

- Gach gné den churaclam Idirbhliana atá ann faoi láthair a thacaíonn leis an nGné Scoláire a shainaithint
- Aird a tharraingt ar aon ghné den churaclam nach bhfuil ag feidhmiú go maith, a gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh uirthi, nó a chaithfear a ionadú ionas go mbeidh sí ailínithe le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana 2024, lena n áirítear na táscairí forbartha.

## Gnéithe Curaclaim

| Comhpháirteanna | Teagasc agus Measúnú | Aithint agus Tuairisciú | Machnamh agus Athnuachan |
|---|---|---|---|
| Inbhuanaitheacht i mBitheolaíocht IB & Modúl Tíreolaíochta Réigiúnaí IB – áitiúil, náisiúnta, domhanda<br><br>Cóisir Nollag Áitiúil Aoisghníomhaíochta<br><br>Garraíodóireacht chomhtháite IB<br><br>Lá Cultúir/Coiste na hIlchineálachta<br><br>Malartú IB chun na Fraince<br><br>Turas Oideachais Allamuigh agus Bratach Bhuí/ Scoileanna Tearmainn<br><br>Ceardlanna Bunscoile Thionscadal Scoileanna Domhanda<br><br>Feachtas Lá na Sábháilteachta Idirlín<br><br>Rannpháirtíocht Pobail Gaisce<br><br>Coiste agus Tiomsú Airgid Chumann Naomh Uinseann de Pól<br><br>Clubanna Spóirt seach-churaclaim<br><br>Ceoldráma na hIdirbhliana – Cruthaitheacht ar stáitse | Modheolaíochtaí Oibre Grúpa<br><br>Rang Garraíodóireachta Comhtháite IB – Obair foirne<br><br>An fhoghlaim a stiúradh – ceardlanna a sheachadadh don Sr.Shóis. – Ceardlanna Digiteacha agus Comhshaoil | Oíche Bronnta IB/oíche eolais do scoláirí an tríú bliain agus a dtuismitheoirí | Cruinniú Seachtainiúil na gComhordaitheoirí agus an Phríomhoide Thánaistigh<br><br>Is beag an mheastóireacht a dhéantar ar thionchar go leor de na comhpháirteanna sa ghné scoláire seo<br><br>Tugann an fhoireann agus na scoláirí, agus uaireanta tuismitheoirí, faoi go bliantúil |

## Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail

**Déanann an scoláire difríocht dhearfach ina scoil, ina phobal agus sa tsochaí. Foghlaimíonn sé an dóigh le bheith ag gníomhú de réir a chuid freagrachtaí agus a chearta mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda a fheidhmiú ar bhealaí eiticiúla inbhuanaithe.**

### Táscairí forbartha

- Caidrimh níos comhbháiche measúla a chothú le daoine, áit, an dúlra.
- Níos mó léirthuisceana agus measa ar dhínit an duine agus ilchineálacht.
- A bhraistint comhbhá, féiniúlachta agus muintearais a dhoimhniú.
- Castacht agus éiginnteacht a aithint agus a bheith ag plé leo.
- Gníomhú chun maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe.
- Níos mó treallúis a léiriú ina scoileanna, pobail, agus sochaí.
- Spriocanna a shocrú le bheith ina shaoránach gníomhach agus athbhreithniú a dhéanamh orthu seo.
- A bheith ag obair ar bhonn níos comhoibríche le daoine eile agus mar chuid d'fhoirne.
- A bheith ag éirí níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha.
- A bheith ag iarraidh cur le saol níos córa.
- Tuiscint níos fearr a bheith aige ar idirghaolmhaireachtaí na bpobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

2. **Cuimhneamh chun tosaigh** ar ár gcuraclam Idirbhliana athnuaite:

- An curaclam Idirbhliana mar atá faoi láthair a fhorbairt
- Aird á tarraingt thíos ar na gnéithe den churaclam reatha atá le baint nó le hathbhreithniú le feabhsú
- Lena n-áirítear aon ghné den churaclam chun tacú níos fearr leis na Gnéithe Scoláire agus le hailíniú níos fearr le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

## Gnéithe Curaclaim

| Comhpháirteanna | Teagasc agus Measúnú | Aithint agus Tuairisciú | Machnamh agus Athnuachan |
|---|---|---|---|
| Is gá don ghníomh pearsanta nó comhoibríoch faoi stiúir an scoláire a bheith mar chuid den chlár – b'fhéidir go bhféadfaí micreamhodúl ar an maireachtáil inbhuanaithe a chomhtháthú as seo go ceann 2-3 bliana eile?<br><br>B'fhéidir gurbh fhiú féachaint ar cheardlanna Comhbhá do cheann dár Laethanta Foghlama Suntasaí | Gníomh faoi stiúir an scoláire maidir leis an maireachtáil inbhuanaithe – comhordú a chinntiú thar ghnéithe OFI an chláir (Bitheolaíocht, Garraíodóireacht, Scoileanna Domhanda, Gaisce)<br><br>Na scoláirí a spreagadh agus a éascú lena phunann Idirbhliana a úsáid | Punann Dhigiteach Chainéal Teams a dheighilt le léiriú a thabhairt ar na ceithre ghné scoláire<br><br>Cuireadh a thabhairt don tríú bliain agus dá dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí freastal ar Oíche Eolais IB<br><br>An chaoi a bhféadfadh na scoláirí bronnadh na hIdirbhliana a stiúradh tuilleadh a fhiosrú: Coiste nó grúpa eagraithe bhronnadh na hIdirbhliana b'fhéidir? | Athbhreithniú Bliantúil Foirmiúil Scoláire, Foirne agus Tuismitheora ar an Idirbhliain<br><br>Teagmhálacha le carthanais a úsáid le deiseanna agus meastóireachtaí níos leithne a bhunú do na scoláirí agus caidrimh reatha láidre á gcoimeád ag an am céanna<br><br>Ceisteanna in Agallamh Dheireadh na hIdirbhliana maidir leis na ceithre ghné scoláire ó bhliain seo chugainn ar aghaidh |

# Machnamh a dhéanamh ar ár gcuraclam trí Thaighde Gairme

**1. Machnamh a dhéanamh** ar ár gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair:

- Gach gné den churaclam Idirbhliana atá ann faoi láthair a thacaíonn leis an nGné Scoláire a shainaithint
- Aird a tharraingt ar aon ghné den churaclam nach bhfuil ag feidhmiú go maith, a gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh uirthi, nó a chaithfear a ionadú ionas go mbeidh sí ailínithe le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana 2024, lena n áirítear na táscairí forbartha.

## Gnéithe Curaclaim

| Comhpháirteanna | Teagasc agus Measúnú | Aithint agus Tuairisciú | Machnamh agus Athnuachan |
|---|---|---|---|
| Tástáil Cat 4 GA<br>Cainteoir Sheachtain Feasachta Coláiste<br>STEMreach – cainteoirí ón Dlí, Gnó, srl.<br>Tionscadal Mionstaidéir Gairme<br>Laethanta Oscailte Coláistí<br>Blaslaethanta Áitiúla/Náisiúnta Breisoideachais<br>Fiontraíocht agus Aonach Ceirde IB<br>Clár Ratha Gairme<br>Agallaimh thrialacha<br>Taithí Oibre/Obair Phobail<br>Fóram Rogha Ábhair<br>Imeacht ETIM / Pas don Ionchuimsiú – do chailíní nó buachaillí nó don dá chohórt<br>Mionmhodúil Mhíochaine agus Dlí<br>Clár Taithí Oibre IB sna Meáin Áitiúla<br>Campaí Áitiúla Ríomhaireachta<br>Fóram Rogha Ábhair IB<br>Clár Ceannaireachta RAISE / Meantóireacht ar an dara bliain | Rang gairmeacha agus úsáid Careers Portal agus an Tionscadail Mionstaidéir Gairme<br>Rang Fiontraíochta IB, Aonach Ceirde agus Babhtaí Ceannais Fiontraíochta an Chontae<br>Rang Ullmhúcháin Oibre IB agus Leabhráin Taithí Oibre<br>Cúrsaí Teicneolaíochta Digití<br>Blasmhodúil Ábhair na Sraithe Sinsearaí<br>Códú IB<br>Gruagaireacht & Áilleacht IB<br>Ríomhairí ICDL agus Cúrsaí Fáilteachais | Leabhráin don Mheasúnú ar Shocrúchán Oibre<br>Foirmeacha Meastóireachta do Chuairt Oibre an Mhúinteora<br>Bileog Aiseolais Agallaimh West Pharma<br>Oíche Bronnta IB faoi stiúir na scoláirí/ oíche eolais do scoláirí an tríú bliain agus a dtuismitheoirí<br>Socrúchán Oibre IB Aiseolas ó Fhoirmeacha Tuairiscithe an Fhostóra agus ó Fhoirmeacha Tuairiscithe an Mhúinteora | Cruinniú Seachtainiúil na gComhordaitheoirí agus an Phríomhoide Thánaistigh<br>Cruinnithe Rialta le Comhordaitheoirí agus Comhairleoirí Gairmthreoracha |

## Taighde Gairme

**Déanann an scoláire taighde ar chonairí todhchaí ar bhealach treoraithe comhordaithe, ag fáil taithí phearsanta ar láthair oibre agus ag forbairt inniúlachtaí a bhaineann leis an ngairm.**

### Táscairí forbartha

- A bheith níos eolasaí i dtaobh na gceangal idir an t-oideachas agus deiseanna gairme.
- A bheith ag cur lena fheasacht ar shuimeanna pearsanta, inniúlachtaí, luachana agus meonta.
- Spriocanna gairm-bhainteacha a shainaithint agus a athbhreithniú ar bhonn níos rialta.
- Níos mó acmhainneachta a bheith ag an scoláire chun taighde agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar chonairí gairme.
- Níos mó scileanna gairmiúla, eagrúcháin agus cumarsáide a ghnóthú.
- A bheith ag foghlaim an dóigh le smaointe a ghiniúint agus le smaointe a chur i ngníomh.
- A chuid eolais agus iompraíochtaí sa láthair oibre a fheabhsú trí thaithí phraiticiúil.
- Níos mó feasachta a bheith aige ar shaol na hoibre agus na fiontraíochta.

**2. Cuimhneamh chun tosaigh** ar ár gcuraclam Idirbhliana athnuaite:

- An curaclam Idirbhliana mar atá faoi láthair a fhorbairt
- Aird á tarraingt thíos ar na gnéithe den churaclam reatha atá le baint nó le hathbhreithniú le feabhsú
- Lena n-áirítear aon ghné den churaclam chun tacú níos fearr leis na Gnéithe Scoláire agus le hailíniú níos fearr le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

## Gnéithe Curaclaim

| Comhpháirteanna | Teagasc agus Measúnú | Aithint agus Tuairisciú | Machnamh agus Athnuachan |
|---|---|---|---|
| B'fhéidir go bhféadfaí breathnú ar na micreamhodúil mionstaidéir gairme a d'fhorbair CNCM le cur in áit thástáil Cat 4, an tionscadail Mionstaidéir Gairme, an ullmhúcháin taithí oibre – cén chaoi lenár leabhráin inmheánacha a úsáid?<br>Agallaimh Thrialacha le coimeád – mar chuid de chur chuige leasaithe gairmeacha b'fhéidir? | Múinteoirí le níos mó feasachta a chur isteach maidir le naisc chuig gairmeacha ina gcuid réimsí?<br>Na scoláirí a spreagadh agus a éascú lena phunann Idirbhliana a úsáid | Measúnú ar shocrúchán oibre le tabhairt isteach i micreamhodúl gairmeacha as seo go ceann dhá bhliain?<br>Punann Dhigiteach Chainéal Teams a dheighilt le léiriú a thabhairt ar na ceithre ghné scoláire ó bhliain seo chugainn ar aghaidh<br>Eolas don tríú bliain agus dá dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí maidir leis na ceithre ghné scoláire ag oíche eolais IB | Athbhreithniú Bliantúil Foirmiúil Scoláire, Foirne agus Tuismitheora ar an Idirbhliain<br>(Faoi láthair tugann an fhoireann agus an scoláire, agus uaireanta tuismitheoirí, faoi go bliantúil)<br>Ceisteanna in Agallamh Dheireadh na hIdirbhliana maidir leis na ceithre ghné scoláire ó bhliain seo chugainn ar aghaidh |